



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2017
(OR. en)

14481/17

FISC 271
ECOFIN 957

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	5 Nollaig 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Treoir 2008/118/CE ón gComhairle
	• Conclúidí ón gComhairle (a glacadh ar an 5/12/2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Treoir 2008/118/CE ón gComhairle, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an gcuinne a bhí aici ar an 5 Nollaig 2017.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LEIS AN TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE TREOIR 2008/118/CE
ÓN gCOMHAIRLE

Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón gCoimisiún don Chomhairle ar chur chun feidhme agus ar mheastóireacht Threoir 2008/118/CE ón gComhairle maidir leis na socruithe ginearálta do dhleacht mháil agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí agus na moltaí a leagtar amach inti.
2. AONTAÍONN SÍ le meastóireacht an Choimisiúin, go bhfeidhmíonn na socruithe reatha maidir le hearraí máil a shealbhú agus a ghluaiseacht faoi Threoir 2008/118/CE ar bhealach éifeachtach éifeachtúil, ar an iomlán, agus ar bhealach nach bhféadfaí a bhaint amach gan gníomhaíocht ar fud an Aontais.
3. TÁ SÍ CINNTE GLAN gur baineadh amach laghdú costas, ar an iomlán, leis an gCóras um Rialú agus um Ghluaiseacht Máil (EMCS) tríd an am a theastaíonn chun doiciméid a bhaineann le máil a phróiseáil agus a riar a laghdú, go ndearnadh gluaiseacht earraí faoi na socruithe maidir le fionraí ar dhleachtanna máil a chuíchóiriú agus gur baineadh amach laghdú costas d'eintitis eacnamaíocha agus don lucht riaracháin araon agus gur tháinig laghdú leis ar an riosca calaoise.
4. FEICTEAR DI, áfach, go bhféadfaí feabhas a chur ar rialacha áirithe a chumhdaíonn réimsí faoi raon feidhme Threoir 2008/118/CE, faoi réir anailís chúramach, mar a leagtar amach sa tuarascáil ón gCoimisiún agus sna conclúidí seo, agus, dá bharr sin, TACAÍONN SÍ leis an obair leanúnach lena ndírítear ar an Treoir sin a athbhreithniú.
5. TUGANN SÍ na gníomhaíochtaí leantacha atá beartaithe ag an gCoimisiún DÁ hAIRE, mar a leagtar amach sa tuarascáil iad agus CREIDEANN SÍ gur bonn maith a bheidh sa ghníomhaíocht bhreise don athrú a bheidh ann amach anseo d'fhonn faireachas máil a fheabhsú, an comhrac i gcoinne na calaoise a neartú agus an t-ualach riaracháin a laghdú d'oibreacha eacnamaíocha agus do na húdaráis chánach.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE maidir leis na socruithe le haghaidh earraí atá scaoilte saor lena gcaitheamh cheana féin a ghluaiseacht go Ballstát eile, go measann an Coimisiún gur socruithe neamhéifeachtúla neamhleordhóthanacha iad chun foráil a dhéanamh maidir le saorghluaiseacht earraí máil agus go mbaineann riosca leo maidir le himghabháil cánach agus calaois.
7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a fhiosrú cibé acu an féidir feabhas a dhéanamh maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht Threoir 2008/118/CE, eadhon maidir le socruithe B2B ar dhleachtanna a íocadh, go háirithe nuair is féidir a chinneadh go mbaineann ualach suntasach leis na socruithe sin do ghnólachtaí, go háirithe i gcás FBManna, agus nach mbíonn siad i gcomhréir le cuspóirí shaorghluaiseacht earraí agus mhargaidh aonair (e. g. ró-úsáid doiciméad i bhfoirm páipéir, éagsúlacht sna ceanglais náisiúnta agus easpa eolais shoiléir i dtaobh nósanna imeachta náisiúnta). Sna cásanna sin, d'fhéadfaí EMCS a oiriúnú chun go gcumhdófaí leis gluaiseachtaí earraí máil faoi shocruithe ar dhleachtanna a íocadh, ach ní fhéadfaí síneadh den chineál sin ar EMCS a dhlisteanú ach amháin tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar chostais agus ar shochair, lena gcuirfí san áireamh an sprioc maidir le costais a choinneáil réasúnta do na Ballstáit, ag féachaint do na sochair a bhaineann le síneadh den chineál sin.
8. FEICTEAR DI maidir leis an téarmaíocht a úsáidtear agus maidir leis an úsáid a bhaintear as onnmhairiú agus as iompar ina dhiaidh sin agus maidir leis an doiciméad aonair iompair, go gcruthaíonn an easpa comhchuibhis idir nósanna imeachta custaim agus máil mearbhall agus éiginnteacht dhlíthiúil agus go méadaíonn sé an riosca calaoise agus imghabhála cánach, TACAÍONN SÍ le céimeanna dlíthiúla chun an comhchuibheas sin a athbhunú ar bhealach éifeachtach cothrom, lena n-áiríteofar nach gcuirfear ualach míchuí ar ghnólachtaí agus lena gcuirfear saorghluaiseacht earraí máil chun cinn, agus aird á tabhairt ar an gcuspóir maidir le calaois chánach agus imghabháil chánach a chosc.
9. FEICTEAR DI gur iomaí gluaiseacht neamhiata a bhíonn ann de bharr nasc a bheith ar iarraidh idir nósanna imeachta custaim agus máil maidir le hearraí máil a onnmhairiú agus TACAÍONN SÍ le céimeanna dlíthiúla agus teicniúla atá molta ag an gCoimisiún chun nósanna imeachta trasteorann agus nósanna imeachta maidir le hallmhairithe a neartú.

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí trádáil agus gluaiseacht earraí inchánacha a uathoibriú tuilleadh trí fheabhas a chur ar na córais TF atá ann cheana. Mar sin féin, ba cheart sainiúlachtaí gheilleagair na mBallstát agus a méid a chur san áireamh agus na cuspóirí sin á saothrú.
11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE maidir le simplithe áirithe a thabhairt isteach ar an bhfaireachán a dhéantar ar ghluaiseacht earraí máil lena mbaineann riosca íseal, i gcomhréir le hAirteagal 31 den Treoir, gur ghá an fhéidearthacht sin a chíoradh go críochnúil trí mheasúnú a dhéanamh ar an gclaonadh i dtreo riosca d'imghabháil chánach a bhaineann le gach táirge; AITHNÍONN SÍ an deacracht a bhainfeadh le teacht ar chomhthuisceant i dtaobh a bhféadfaí a shainiú mar ghluaiseacht earraí máil lena mbaineann riosca íseal.
12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, cé go bhféadfadh sé bheith casta teacht ar réiteach coiteann maidir leis na ráthaíochtaí, ba cheart féachaint níos géire ar chásanna ina bhféadfadh saobhadh iomaíochta a bheith ann, chun go gcinneadh an féidir na ceanglais maidir leis an údarú chun earraí máil a mhonarú, a shealbhú agus a ghluaiseacht agus na híosghnáthcheanglais nó na coinníollacha lena n-áirítear go n-íocfar an dleacht mháil a chinneadh tuilleadh.
13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mheas cibé acu an féidir nó nach féidir tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an rialú a dhéantar ar an gcianthrádáil i dtáirgí alcóil agus tobac ó thaobh an mháil de, inter alia, lena gcuimseofaí athbhreithniú ar na rialacha maidir le hionadaithe cánach a úsáid, chomh maith le dálaí cothroma iomaíochta a áirithiú do thrádálaithe intíre trína áirithiú go ndéanfaí an cháin a íoc mar is cuí.
14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na féidearthachtaí a fhiosrú chun na forálacha a athbhreithniú maidir le treoirleibhéil d'fhéinúsáid bheartaithe alcóil agus tobac, mar a leagtar amach in Airteagal 32 den Treoir iad, lena n-áirítear go mbeidh siad oiriúnach dá bhfeidhm i gcónaí, chun cothromaíocht a bhaint amach idir na cuspóirí a bhaineann le hioncam poiblí agus leis an gcosaint sláinte. Mar chuid den obair sin, d'fhéadfaí anailís indéantachta a dhéanamh maidir le teorainneacha cainníochtúla a thabhairt isteach i gcás táirgí den chineál sin a iompar laistigh den Chomhphobal, agus urraim á tabhairt san am céanna do phrionsabal na saorghluaiseachta earraí.
15. CREIDEANN SÍ gur fiú tuilleadh plé a dhéanamh faoin gcóras rialála maidir le ganntanais, barrachais agus eisceachtaí eile a bhaineann le gluaiseacht earraí máil, agus, sa chomhthéacs sin, measúnú a dhéanamh ar shainmhíniú níos soiléire a chur sa Treoir ar céard is deireadh gluaiseachta ann.

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, sa chomhthéacs sin, gur cheart féachaint ar roinnt saincheisteanna eile chomh maith, chun a chinneadh cibé an bhféadfadh an Coimisiún leasuithe ar an Treoir a mholadh nó nach bhféadfadh, saincheisteanna amhail: sainmhínithe agus rialacha a thabhairt isteach, nuair is féidir, chun "am turais" a shoiléiriú (is é sin fad na gluaiseachta atá ar fionraí ó dhleacht mháil); ceist i dtaobh sainmhíniú coiteann féideartha ar an áit seachadta dhíreach; obair a dhéanamh chun gur fearr a fheidhmeoidh Airteagal 41 den Treoir.
17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR sa chomhthéacs sin, nár cheart neamhaird a dhéanamh ar an bprionsabal treorach, is é sin nár cheart do na socruithe maidir le gluaiseacht earraí máil an iomaíocht a shaobhadh, ná bac ar chur ar shaorghluaiseacht earraí den chineál sin laistigh den Aontas, agus níor cheart dóibh bac a chur ar bhailiú cánach ná calaois fhioscach a éascú.
18. IARRANN SÍ go ngabhfaidh an Coimisiún na staidéir uile is ábhartha de láimh, agus aird á tabhairt ar na conclúidí seo ón gComhairle aige agus ar na cuspóirí a leagtar amach i dTreoir 2008/118/CE agus, tar éis dó anailís theicniúil ábhartha a dhéanamh, go ndéanfaidh sé comhairliúcháin phoiblí agus measúnú tionchair a chur i gcrích, togra reachtach iomchuí a chur faoi bhráid na Comhairle in 2018 nó i gcás go roghnaíonn sé gan togra a thíolacadh, an Chomhairle a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis sin.
